RÚN (AE) 2023/1929 Ó PHARLAIMINT NA HEORPA

an 10 Bealtaine 2023

ina bhfuil barúlacha atá in gcuid dhílis den chinneadh maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad an Fhorais Eorpaigh chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú (Eurofound) don bhliain airgeadais 2021

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA,

— ag féachaint do chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad an Fhorais Eorpaigh chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú (Eurofound) don bhliain airgeadais 2021,

— ag féachaint do Riail 100 agus d'Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta,

— ag féachaint do thuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0109/2023),

A. de bhrí, de réir a ráitis ar ioncam agus ar chaiteachais, gurbh é EUR 21 757 000 buiséad críochnaitheach an Fhorais Eorpaigh chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú (Eurofound) ('an Foras') don bhliain airgeadais 2021 agus gurbh ionann é sin agus méadú 1,69 % i gcomparáid le 2020; de bhrí gur as buiséad an Aontais den chuid is mó a thagann buiséad an Fhorais;

B. de bhrí go ndearbhaíonn an Chúirt Iniúchóirí ('an Chúirt') ina tuarascáil maidir le cuntais bhliantúla an Fhorais don bhliain airgeadais 2021 ('an tuarascáil ón gCúirt') go bhfuil dearbhú réasúnacha faighte aici go bhfuil cuntais an Fhorais iontaofa agus go bhfuil na hidirbhearta is bun leo dlíthiúla agus rialta;

Bainistiú buiséid agus airgeadais

1. Ag tabhairt dá haire, agus is mór aici, go raibh ráta cur chun feidhme buiséid 99,98 % ann ó thaobh leithreasuithe na bliana reatha mar thoradh ar na hiarrachtaí faireacháin buiséid le linn na bliana airgeadais 2021, méadú beag 0,06 % i gcomparáid le 2020; ag tabhairt dá haire gur ráta forghníomhúcháin 83,56 % a bhain leis na leithreasaí íocaíochta sa bhliain reatha, agus gurb ionann é agus méadú 3,12 % i gcomparáid le 2020;

2. Á chur in iúl gur cúis bhuartha di go dtéann fíorchumhacht ceannaigh an bhuiséid i laghad agus gur tháinig laghdú ar sciar an bhuiséid oibríochtúil ó 39 % in 2010 go 28 % in 2021; á chur i bhfáth, má leantar leis an treocht sin, go gcuirtear i mbaol cumas an Fhorais sonraí leordhóthanacha, tráthúla agus iontaofa a bhailiú;

3. Ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh aici, gurb é 98,10 % ráta cur chun feidhme na gcistí arna dtabhairt ar aghaidh ó 2020, atá 1,7 pointe céatadáin níos airde ná an figiúr céanna a bhí ann in 2020;

4. Ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go bhfuil an sciar de bhuiséad oibriúcháin an Fhorais ag laghdú i gcónaí ó 37,6 % in 2012 go 26,4 % in 2021 mar gheall ar an méadú ar chostais mhaireachtála in Éirinn; ag tabhairt rabhaidh, má leantar leis an treocht sin, go gcuirfear i mbaol cumas an Fhorais cáilíocht a chuid oibre a chaomhnú agus a fheabhsú tuilleadh;

5. Á chur in iúl gur geal léi go raibh seirbhísí a oifigigh cuntasaíochta á gcomhroinnt ag an bhForas leis an Údarás Eorpach Saothair (ELA), rud a chabhraigh leis an Údarás sin borradh réidh a chur faoina ghníomhaíochtaí;

Feidhmíocht

6. Ag aithint gur baineadh amach 93 % de na haschuir a bhí beartaithe sa chlár oibre le haghaidh 2021, agus gur baineadh amach 38 gcinn as 41 sprioc insoláthartha in 2021;

7. Ag tabhairt dá haire go n-úsáideann an Foras ocht n-eochairtháscaire feidhmíochta, a áirítear ina chóras faireacháin feidhmíochta; ag tabhairt dá haire go háirithe gur léir go bhfuil feabhas ar an bhfeidhmíocht maidir le glacadh shaineolas an Fhorais i bpríomhdhoiciméid bheartais ar leibhéal an Aontais, ó 34,6 % in 2020 go 74 % in 2021, amhail an togra le haghaidh treoir maidir le cur i bhfeidhm phrionsabal an phá chomhionainn a neartú, na conclúidí ón gComhairle maidir leis an teilea-obair, tuarascálacha ón gCoimisiún maidir le cúram fadtéarmach san Aontas, ardáin dhigiteacha saothair san Aontas agus athbhreithniú 2021 ar Fhostaíocht agus ar Fhorbairtí Sóisialta san Eoraip; ag tabhairt dá haire, thairis sin, go raibh feidhmíocht láidir ann maidir le glacadh eolas an Fhorais sna meáin, agus 1 083 alt preasa in 2021 i gcomparáid le 703 in 2020, agus ag moladh an Fhorais, go háirithe, as an infheictheacht agus as an ardphróifíle a bhí aige i bpríomh-eagraíochtaí meán Eorpacha agus idirnáisiúnta maidir leis na hábhair is ábhartha amhail tionchair éagsúla phaindéim COVID-19, an teilea-obair, an ceart chun dícheangail agus saincheisteanna i dtaca le pá íosta; ag tabhairt dá haire go bhfuil méadú tagtha ar rannpháirtíocht an Fhorais ag ócáidí agus cruinnithe a bhaineann le beartas i rith 2021, ó 202 phíosa ionchuir in 2020 go 360 píosa ionchuir in 2021;

8. Á chur in iúl gur geal léi go háirithe na gníomhaíochtaí an-tráthúil agus an-úsáideach a rinneadh chun torthaí a bhaineann leis na hathruithe a tháinig as paindéim COVID-19 a chur in iúl, amhail teilea-obair, obair ardáin, neamhionannais inscne agus difríochtaí idirghlúine a mhéadú, ganntanais lucht saothair, cúram fadtéarmach, caidreamh tionsclaíoch, agus leas á bhaint as an ríomhshuirbhé maireachtála, oibre agus COVID-19 agus Faire Beartais an Aontais ar COVID-19, lena n-áirítear na tuarascálacha dar teideal 'Dálaí oibre in aimsir COVID-19: Impleachtaí don todhchaí' ([1]) agus 'Tionchar COVID-19 ar dhaoine óga in AE' ([2]); á chreidiúint gur féidir leis an bhForas ról ríthábhachtach a bheith aige maidir le hanailís bhreise a dhéanamh ar an méadú ar theilea-obair agus ar na tionchair ghaolmhara ar chothromaíocht oibre is saoil agus ar cháilíocht dálaí oibre, ar dhea-chleachtais a scaipeadh agus ar fhreagairtí beartais a d'fhéadfadh a bheith ann a mheas; á chur in iúl gur geal léi roghanna beartais an Fhorais maidir le hanailísí ar chláir oibre chun dálaí oibre, caidreamh tionsclaíoch, fostaíocht agus dálaí maireachtála a fheabhsú;

9. Á athdhearbhú a thábhachtaí atá sonraí ardcháilíochta arna gcur ar fáil ag uirlisí faireacháin leanúnacha an Fhorais le haghaidh ceapadh beartas atá bunaithe ar fhianaise, go háirithe na suirbhéanna uile-Eorpacha arna ndéanamh ag an bhForas;

10. Ag moladh chomhoibriú gníomhach an Fhorais in 2021 lena gheallsealbhóirí amhail Parlaimint na hEorpa, an Coimisiún, Comhairle an Aontais Eorpaigh (faoi Uachtaránacht na Portaingéile agus faoi Uachtaránacht na Slóivéine), gníomhaireachtaí de chuid an Aontais amhail an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU-OSHA), an Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna (Cedefop), an Fhondúireacht Eorpach Oiliúna (ETF), an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE), agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA) chomh maith le heagraíochtaí idirnáisiúnta eile; ag tabhairt dá haire go raibh aschur suntasach ann ón bhForas in 2021 agus sé sheimineár gréasáin, sé fhíseán gníomhaíochta, seoladh shraith podchraoltaí an Fhorais (EurofoundTalks), trí cinn d'fheachtais ar na meáin shóisialta, rannchuidithe leis an gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa agus seachadadh achoimrí feidhmiúcháin ar thuarascálacha taighde in 21 teanga; á chur i bhfios go láidir go bhfuil ócáidí agus foilseacháin chomhpháirteacha á bhforbairt le roinnt gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais;

11. Ag moladh an Fhorais as plean gníomhaíochta a fhorbairt mar fhreagairt ar mholtaí sa mheastóireacht *ex-ante* ar chlár 2021–2024 atá aige; ag admháil go n-éilítear, le roinnt gníomhaíochtaí, iarracht mheántéarmach, agus gur cuireadh gníomhaíochtaí eile i gcrích cheana féin, amhail barrfheabhsú úsáid na n-acmhainní airgeadais chun uaillmhianta i dtaobh na gclár a mheaitseáil leis na hacmhainní atá ar fáil; ag tabhairt dá haire, thairis sin, go ndearna conraitheoirí meastóireachta seachtraí meastóireacht ar dhá ghníomhaíocht in 2021, *'The digital age: Opportunities and challenges for work and employment'* [An aois dhigiteach: Deiseanna agus dúshláin don obair agus don fhostaíocht] agus *'Monitoring convergence in the European Union'* [Faireachán ar chóineasú san Aontas Eorpach] a bhí nua i gclárthréimhse 2017–2020; ag tabhairt dá haire gur scrúdaíodh sa mheastóireacht sin an méid a baineadh amach agus a bhí le foghlaim ó chur chun feidhme na ngníomhaíochtaí sin, a mhéad a baineadh amach na huaillmhianta le haghaidh na ngníomhaíochtaí sin a leagadh amach ag an tús agus an tionchar a bhí acu ar cheapadh beartas; ag tabhairt dá haire gur sheol an Foras meastóireacht in 2021 ar a chlár foghlama agus forbartha reatha agus ar a chur chuige reatha;

([1]) https://www.eurofound.europa.eu/publications/report/2022/working-conditions-in-the-time-of-covid-19-implications-for-the-future
([2]) https://www.eurofound.europa.eu/publications/report/2021/impact-of-covid-19-on-young-people-in-the-eu#

12. Ag tabhairt dá haire gur leathnaíodh réimse fócais EU PolicyWatch an Fhorais chun imscrúdú a dhéanamh ar bheartais a bhaineann le roinnt comhthéacsanna (géarchéime), lena n-áirítear an cogadh san Úcráin, an méadú ar bhoilsciú agus cosaint shealadach na ndídeanaithe, an glasú agus an clár oibre digiteach, agus gur athainmníodh é mar sin i mbunachar sonraí EU PolicyWatch; ag tabhairt dá haire gurb é an bunachar sonraí sin an t-aon fhoinse uile-Aontais atá ann lena mbailítear agus lena léirítear go beacht foirm rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta i ndearadh agus i gcur chun feidhme na mbeartas sin agus, dá bhrí sin, gur féidir leis cur le ceanglais faireacháin éagsúla a bhaineann leis an idirphlé sóisialta náisiúnta, amhail, mar shampla, an Seimeastar Eorpach;

Beartas foirne

13. Ag tabhairt dá haire gur oth léi nach raibh ach 89 % den phlean bunaíochta críochnaithe amhail an 31 Nollaig 2021 (i gcomparáid le 95 % in 2020), agus naoi n-oifigeach agus 74 ghníomhaire shealadacha ceaptha as 91 ghníomhaire arna n-údarú faoi bhuiséad an Aontais (91 phost údaraithe in 2020), agus gurb amhlaidh a bhí beirt bhall foirne ar saoire ar fhorais phearsanta agus nár cuireadh baill foirne eile ina n-ionad láithreach; á chur i bhfios, áfach, i bhfianaise na bhfolúntas a tairgeadh agus ar glacadh leo in 2021, gur líonadh 94 % de na poist; ag tabhairt dá haire, ina theannta sin, go raibh 13 ghníomhaire ar conradh ag obair don Fhoras in 2021; ag tabhairt dá haire gur fhág seisear ball foirne an Foras in 2021 (ráta athraithe foirne 5,8 %), a ndeacaigh beirt acu ar scor; á chur in iúl gur oth léi nár líonadh trí phost shinsearacha; ag moladh an Fhorais as machnamh leanúnach a dhéanamh ar dhea-chleachtais agus as feabhas a chur ar na dálaí oibre; ag meabhrú a thábhachtaí atá sé an iomlaoid foirne laistigh de ghníomhaireachtaí an Aontais a chomhrac;

14. Ag tabhairt dá haire gurbh é miondealú inscne i mbainistíocht shinsearachan an Fhorais in 2021 ná cúigear fear (56 %) agus ceathrar ban (44 %) agus go raibh 54 fhear (64 %) agus 30 bean (36 %) ina mbaill den bhord bainistíochta, agus go raibh 41 fhear (43 %) agus 55 bhean (57 %) ar fhoireann an Fhorais trí chéile; ag cur suntas i ngannionadaíocht ball foirne ón gCipir, ón Eastóin, ó Mhálta agus ón tSlóivéin; ag meabhrú don Choimisiún agus do na Ballstáit aird a thabhairt ar a thábhachtaí atá sé cothromaíocht inscne agus gheografach a áirithiú agus comhaltaí á n-ainmniú do bhord bainistíochta Fhorais; ag tathant ar an bhForas cothromaíocht inscne agus gheografach a áirithiú agus a fhoireann á hearcú;

15. Ag tabhairt sí dá haire, ó 2013 i leith, go bhfuil beartas ag an bhForas maidir le dínit daoine agus meas ar dhaoine a chosaint agus ciapadh a chosc ('Beartas Eurofound'); ag tabhairt dá haire go bhfuil dréacht-lámhleabhar nós imeachta ag an bhForas maidir le Beartas Eurofound agus go bhfuil an dréacht-lámhleabhar sin i bpróiseas comhairliúcháin faoi láthair; á chur in iúl gur geal léi go mbíonn baill foirne bua, oiliúnaithe agus baill foirne shealadacha áitiúla rannpháirteach sa chlár Dínit agus Meas mar chuid dá n-oiliúint; á chur in iúl gur geal léi gur tugadh aghaidh in 2021 ar dhea-bhail fhisiciúil agus shíceolaíoch agus ar an teicneolaíocht is gá chun ardleibhéal feidhmíochta a choimeád nuair a bhítear ag obair go cianda;

16. Ag moladh chur chuige réamhghníomhach an Fhorais ó thaobh dea-bhail na foirne a thomhas trí shuirbhéanna agus ceistneoirí inmheánacha; á chur in iúl gur geal léi an clár bliantúil dar teideal 'Mí na hEitice' a raibh seisiúin aige in 2021 dírithe ar ionad oibre dearfach a chruthú, tar éis anailís a dhéanamh ar iompraíocht a bhí le glacadh i gcásanna sonracha; á mheabhrú a thábhachtaí atá sé beartas fadtéarmach acmhainní daonna a fhorbairt maidir le cothromaíocht oibre is saoil, gairmthreoir ar feadh an tsaoil agus deiseanna oiliúna sonracha a thairiscint d'fhorbairt gairme, cothromaíocht inscne ar gach leibhéal foirne, teilea-obair, an ceart chun dícheangail, cothromaíocht gheografach a fheabhsú chun ionadaíocht iomchuí a chinntiú ó na Ballstáit uile, agus earcú agus lánpháirtiú daoine faoi mhíchumas chomh maith lena áirithiú go gcaitear go cothrom leo agus go gcuirtear a ndeiseanna chun cinn go forleathan;

Soláthar

17. Ag tabhairt dá haire gur sheol an Foras seacht dtairiscint oscailte in 2021 agus go raibh conarthaí dar luach EUR 1 942 570 mar thoradh orthu sin; ag tabhairt dá haire freisin gur sheol an Foras 21 nós imeachta íseal-luacha agus meánluacha (a ndearnadh idirbheartaíocht orthu le trí iarrthóir agus cúig iarrthóir) dar luach iomlán EUR 1 248 790;

18. Ag meabhrú gur thug an Chúirt chun suntais gur thug an Foras creatchonradh i gcrích i mí an Mheithimh 2019 ar uasmhéid EUR 170 000 chun leictreachas a sholáthar ar bhonn nós imeachta soláthair idirbheartaithe le hiarrthóir aonair, gan tarscaoileadh fógra conartha a fhoilsiú roimh ré; ag tabhairt dá haire gur thug an Chúirt chun suntais gur soláthróir miondíola é an conraitheoir, agus an soláthar leictreachais gan bheith luaite agus ceannaithe ar mhargadh tráchtearraí, agus dá bhrí sin nach bhfuil feidhm ag eisceacht nós imeachta soláthair idirbheartaithe mar a lean an Foras é; ag tabhairt dá haire gur ann don chonclúid ón gCúirt go bhfuil na híocaíochtaí a rinneadh i ndáil leis an gconradh sin neamhrialta agus gurbh ionann iad agus EUR 30 689 in 2021; ag tabhairt dá haire go ndeachaigh an conradh foluiteach in éag i mí an Mheithimh 2021; á chur in iúl gur geal léi go ndearnadh na nósanna imeachta inmheánacha maidir le soláthar a choigeartú dá réir sin;

19. Ag tabhairt dá haire gur ghlac an Foras an plean soláthair athbhreithnithe 2021; ag tabhairt dá haire ina theannta sin go bhfuil tús curtha ag an bhForas le himscrúdú ar an modheolaíocht soláthair a úsáidtear chun tairiscint a dhéanamh le haghaidh na suirbhéanna móra; ag tabhairt dá haire gur chuir an tSeirbhís um Iniúchadh Inmheánach (IAS) tús le hiniúchadh ar bhainistiú soláthair agus conarthaí an Fhorais i bhfómhar na bliana 2021; á chur in iúl gur geal léi go ndearnadh an Foras a ionduchtú san uirlis bainistíochta soláthair phoiblí;

20. Á mheabhrú a thábhachtaí atá sé go n-áiritheofaí iomaíocht chóir idir tairgeoirí agus earraí agus soláthar seirbhísí ar an bpraghas is fearr le gach nós imeachta, agus prionsabail na trédhearcachta, na comhréireachta, na córa comhionainne agus an neamh-idirdhealaithe á n-urramú; á iarraidh go gcuirfí chun feidhme na huirlisí teicneolachta faisnéise TF ríomhsholáthair a d'fhorbair an Coimisiún; á iarraidh go ndéanfaí soiléiriú nuashonraithe ar na nósanna imeachta agus ar na teimpléid sna treoirlínte soláthair; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, gur thug an Chúirt chun suntais go bhfuil laigí an tsoláthair phoiblí ag méadú agus go bhfuil siad fós ar an bhfoinse is mó d'íocaíochtaí neamhrialta i bhformhór ghníomhaireachtaí an Aontais;

Coinbhleachtaí leasa a chosc agus a bhainistiú agus trédhearcacht

21. Ag tabhairt dá haire gur foilsíodh dearbhuithe maidir le coinbhleachtaí leasa agus CVanna chomhaltaí an bhoird bainistíochta agus na foirne bainistíochta ar shuíomh gréasáin an Fhorais; ag moladh an Fhorais as beartas coinbhleachtaí leasa a bheith i bhfeidhm aige lena ngabhann nós imeachta mionsonraithe le haghaidh staideanna coinbhleachta leasa féideartha;

22. Ag chur suntas ó fhreagra a thug an Foras ar na ceisteanna i scríbhinn ina ndeir sé go bhfuil go gcomhlíonann sé Treoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]); ag tabhairt dá haire nach raibh aon chás sceithireachta ann in 2021; á chur in iúl gur geal léi, mar chomhlánú ar straitéis frithchalaoise 2021–2023, gur míníodh an treoirlíne maidir le sceithireacht don fhoireann ar bhealach níos inrochtana; á chur in iúl gur geal léi ina theannta sin trédhearcacht an Fhorais maidir le grúpaí cuairteoirí agus saineolaithe acadúla a ainmnítear ar choistí comhairleacha an Fhorais;

Rialú inmheánach

23. Ag tabhairt sí dá haire go gcumhdaítear cúig chomhpháirt i gcreat rialúcháin inmheánaigh an Fhorais (timpeallacht rialúcháin, measúnú riosca, gníomhaíochtaí rialúcháin, faisnéis agus cumarsáid, agus gníomhaíochtaí faireacháin) agus go n-áirítear 17 bprionsabal ann; ag tabhairt dá haire go ndéantar measúnú ar éifeachtacht na gcomhpháirteanna sin trí mheascán d'fhaireachán, d'fhionnachtana agus de mholtaí leanúnacha ón tSeirbhís um Iniúchadh Inmheánach maidir le rioscaí agus rialuithe i réimsí sonracha agus trí bhreithmheas inmheánach; ag tabhairt dá haire gur ann do thacaíocht ón tSeirbhís um Iniúchadh Inmheánach maidir leis an sásra tuairisciúcháin atá ag an bhForas cheana;

24. Ag tabhairt dá haire gur chuir an tSeirbhís um Iniúchadh Inmheánach a tuarascáil deiridh maidir le hacmhainní daonna agus eitic, ina raibh ceithre mholadh, agus gan aon mholadh criticiúil ina measc, ar fáil i mí Aibreáin 2021; ag tabhairt dá haire gur comhaontaíodh plean gníomhaíochta chun na moltaí sin a chur chun feidhme in 2022;

25. Ag moladh an Fhorais toisc go ndearna sé beartas maidir le poist íogaire a fhorbairt agus a chur chun feidhme; ag tabhairt dá haire go ndearnadh athbhreithniú ar chlár rioscaí agus ar ghníomhaíochtaí maolaitheacha an Fhorais i ndáil le 2021 agus go ndearnadh measúnú ar na rioscaí a bhaineann leis an gclár i ndáil le 2022; ag moladh an fhíorais gur cuireadh i bhfeidhm ar bhonn céimneach in 2021 an straitéis frithchalaoise, 202–2023 agus gur tugadh rochtain d'fhoireann uile an Fhorais ar threochlár agus grafaic faisnéise frithchalaoise ina léirítear na bearta atá le glacadh i gcásanna ina bhfuil amhras ann gur tharla calaois; á chur in iúl, thairis sin, gur geal léi gur eagraíodh seisiúin faisnéise agus feachtais feasachta i réimsí amhail an chibearshlándáil, an fhrithbhradaíl, coinbhleachtaí leasa agus cosc sáruithe sonraí;

26. Ag meabhrú a thábhachtaí atá sé córais bhainistíochta agus rialúcháin a neartú chun feidhmiú ceart na Gníomhaireachta a áirithiú; á áitiú go láidir go mbeadh ceanglas ann go mbeadh córais éifeachtacha bhainistíochta agus rialúcháin ann chun go seachnófar cásanna féideartha coinbhleachtaí leasa, rialuithe *ex-ante* nó *ex-post* atá in easnamh, bainistiú neamhleor ar ghealltanais bhuiséadacha agus dhlíthiúla, agus mainneachtainí saincheisteanna a thuairisciú i gclár na n-eisceachtaí;

([3]) Treoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais (IO L 305, 26.11.2019, lch. 17).

An digitiú agus an t-aistriú glas

27. Á chur in iúl gur geal léi na bearta a cuireadh i bhfeidhm in 2021 maidir le cibearshlándáil an Fhorais; ag cur suntas go háirithe i gclár feasachta cibearshlándála 2021 agus san oiliúint feasachta a chuirtear ar fáil do gach ball foirne, i gcur i bhfeidhm céimneach an chórais fíordheimhniúcháin ilfhachtóra agus cur i bhfeidhm tástálacha ionsamhlúcháin um threá líonra agus um fhioscaireacht ag CERT-EU (an Fhoireann Phráinnfhreagartha Ríomhaire d'Institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais); á chur in iúl gur geal léi cur chuige réamhghníomhach an Fhorais agus é ag ullmhú don nuashonrú ar a bheartas slándála córas faisnéise i bhfianaise an dá rialachán de chuid an Aontais atá ar na bacáin maidir le cibearshlándáil agus slándáil faisnéise in institiúidí agus i gcomhlachtaí an Aontais; ag moladh don Fhorais oibriú i ndlúthchomhar le ENISA (Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil);

28. Ag moladh chur chun feidhme comhsheasmhach an chur chuige 'tús áite don digitiú' ag an bhForas i réimsí éagsúla dá chuid oibre, go háirithe maidir le lánas a tháirgeadh agus a scaipeadh trí chainéil ar líne agus trí chainéil mhóibíleacha; ag tabhairt dá haire go raibh na gníomhaíochtaí in 2021 sa réimse sin dírithe ar léirshamhlú sonraí, ar uirlis taiscéalaí ar líne a fhorbairt agus ar phlean a bhunú chun stóras lárnach sonraí a fhorbairt chun sonraí staidrimh a chomhroinnt; ag tabhairt dá haire gur ullmhaigh an Foras cur i bhfeidhm céimneach an tsíniúcháin leictreonaigh cháilithe in 2021; ag moladh na forbartha a rinne an Foras ar an bhfeidhmchlár gréasáin lena gcumasaítear ríomh an chóineasúcháin sa chomhionannas inscne i bhfíor-am; ag moladh ina theannta sin an úsáid a baineadh as bogearraí nua chun doiciméid bheartais de chuid an Aontais a asbhaint, rud a mhéadaigh an éifeachtúlacht i dtaobh thaifeadadh ráta úsáide na bpríomhdhoiciméad beartais ar leibhéal an Aontais;

29. Ag moladh na mbeart atá neamhdhíobhálach don chomhshaol atá curtha i gcrích ag an bhForas chun a thomhaltas leictreachais a laghdú, chun éifeachtúlacht fuinnimh a choirí a fheabhsú agus chun pointí luchtúcháin breise a shuiteáil le haghaidh carranna leictreacha; ag tréaslú leis an bhForas as an laghdú mór atá tagtha ar a thomhaltas páipéir, ó 1,9 milliún bileog in 2019, go 148 980 bileog in 2020 agus go 84 990 bileog in 2021; ag tabhairt dá haire agus is mór aici gur ann don fhreagra ón bhForas gurb amhlaidh, le cúig bliana anuas, nár sholáthair sé ach leictreachas atá glas ar bhonn 100 % ó fhoinsí inathnuaite; ag tabhairt dá haire go ndearna an Foras bearta suntasacha breise in 2021 chun ullmhú don dheimhniú ó EMAS a bhí le tarlú Ráithe 3, 2022;

Leanúnachas gnó le linn géarchéim COVID-19

30. Ag tabhairt dá haire go ndearnadh clár oibre glactha an Fhorais i gcomhair 2021 agus a Phlean Leanúnachais Gnó a chur in oiriúint don réaltacht nua a tháinig chun cinn de bharr ghéarchéim COVID-19, riachtanais éagsúla na ngeallsealbhóirí agus cur isteach ar chur i ngníomh oibleagáidí atá ann faoi láthair;

31. Ag tabhairt dá haire, in ainneoin na dianghlasála fada mar gheall ar phaindéim COVID-19, gur éirigh leis an bhForas leanúint dá bhailiú sonraí le haghaidh tionscadail leanúnacha amhail a bhunachar sonraí maidir le COVID-19 EU PolicyWatch agus an Suirbhé (teileafóin) ar Dhálaí Oibre Eorpacha, chun faireachán a dhéanamh ar thionchar phaindéime COVID-19; ag tabhairt dá haire go bhfuil sé d'aidhm ag an gcúigiú babhta den ríomhshuirbhé sin, a foilsíodh i mí Iúil 2021, tionchar fadréimseach phaindéime COVID-19 ar obair agus ar shaol shaoránaigh an Aontais le dhá bhliain anuas a léiriú agus tugtar chun solais ann freisin an réaltacht neamhchinnte nua atá ann de dheasca an chogaidh san Úcráin, an bhoilscithe is airde dá raibh riamh ann agus na méaduithe móra ar an gcostas maireachtála; á chur in iúl gur geal léi na modhanna nuálacha sin chun sonraí a bhailiú a chuir ar chumas an Fhorais bunachar sonraí ábhartha iontaofa a chruthú agus a choinneáil ar bun le haghaidh na bhforbairtí ar fud an Aontais, ar bunachar sonraí é nach bhfuil a shárú le fáil, rud a chabhraíonn le lucht ceaptha beartas cinntí a dhéanamh a bhfuil bunús maith leo;

Barúlacha eile

32. Ag tabhairt dá haire gur ann do ghníomhaíochtaí agus iarrachtaí an Fhorais chun an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí a chomhlíonadh; ag tabhairt dá haire go háirithe gur glacadh beartas maidir le sárú ar shonraí pearsanta, go ndearnadh iniúchadh cosanta sonraí chun measúnú a dhéanamh ar an leibhéal inmheánach comhlíontachta i ndáil le dlí cosanta sonraí an Aontais, gur foilsíodh fógraí cosanta sonraí ar idirlíon nó inlíon an Fhorais, gur nuashonraíodh an beartas cosanta sonraí d'fhostaithe agus gur ann do na hiarrachtaí leanúnacha chun feasacht na foirne ar chosaint sonraí a mhéadú agus a chomhdhlúthú;

33. Á chur in iúl gur geal léi go bhfuil comhaontuithe comhair nó meabhráin tuisceana ag an bhForas le roinnt gníomhaireachtaí de chuid an Aontais amhail EU-OSHA, Cedefop, ETF, EIGE agus FRA; ag tabhairt dá haire go bhfuil comhaontuithe den sórt sin ina mbonn le foinsí sonraí agus tionscnaimh chomhpháirteacha a mhalartú i réimsí an taighde, na n-ócáidí agus na gcóras oibríochtaí; ag tabhairt dá haire thairis sin go gceadaítear le comhaontuithe den sórt sin comhordú idir gníomhaireachtaí lena n-áirithítear malartú luath i dtaobh doiciméid chlársceidealúcháin chun aiseolas a sholáthar, chun forluí a sheachaint, chun sineirgí agus réimsí féideartha comhair a shainaithint; á iarraidh ar an bhForas leanúint dá shineirgí a fhorbairt (mar shampla acmhainní daonna, bainistiú foirgneamh, seirbhísí TF agus slándáil), comhar agus dea-chleachtas a mhalartú le gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais d'fhonn an éifeachtúlacht a fheabhsú;

34. Ag tabhairt dá haire gur chuir an Foras dlús in 2021 lena chomhar le gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais trí bhíthin ócáidí agus foilseacháin chomhpháirteacha in éineacht le EIGE maidir le cóineasú aníos i gcomhionannas inscne agus ar an bhearna phá idir na hinsciní, in éineacht le Cedefop bunaithe ar an anailís chomhpháirteach ar an suirbhé Eorpach ar chuideachtaí, agus in éineacht leis an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil maidir leis na dúshláin shóisialta a bhaineann le beartais fuinnimh ísealcharbóin; ag tabhairt dá haire thairis sin gur lean an Foras dá mhalartú taithí agus dá chomhar le FRA i réimse na modheolaíochta suirbhé agus a forbartha agus le EU-OSHA i réimse an taighde ar an digitiú, lena n-áirítear réimse na teilea-oibre agus réimsí eile;

35. Ag tabhairt dá haire gur shínigh an Foras meabhrán tuisceana le ELA i mí an Mheithimh 2022; ag tabhairt dá haire gur shínigh an Foras comhaontú comhair leis an Institiúid Ollscoile Eorpach i bhFlórans i mí na Samhna 2021; ag tabhairt dá haire gur shínigh sí creat-chomhaontú nua le haghaidh comhar leis an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair i mí Mheán Fómhair 2022; ag tabhairt dá haire, thairis sin, cé go bhfuil dréacht-chomhaontú le haghaidh comhoibriú leis an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta fós á ullmhú, go bhfuil comhoibriú fós á dhéanamh ar bhonn *ad hoc* i réimsí éagsúla taighde, amhail cáilíocht poist, cómhargáil, agus pá íosta; ag tabhairt dá haire, agus is mór aici é, gur leathnaigh an Foras a chomhar chun go gcumhdódh sé an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú;

36. Á chur in iúl gur geal léi go bhfuil an Foras ag obair go leanúnach chun feabhas a chur ar inrochtaineacht agus ar scaipeadh a thorthaí, chun lucht féachana nua a sroicheadh, á áirithiú gur féidir le geallsealbhóirí an Aontais rochtain a fháil ar fhaisnéis ar bhealaí éagsúla trína chur chuige 'tús áite don digitiú', lena n-áirítear trí shraith podchraolta nua-sheolta agus trí léirshamhlú feabhsaithe sonraí; ag tathant ar an bhForas dlús a chur lena hiarrachtaí agus faisnéis ábhartha feidhmíochta a thuairisciú do shaoránaigh an Aontais agus don phobal i gcoitinne i dteanga shoiléir agus inrochtana; ag tathant ar an bhForas trédhearcacht agus cuntasacht phoiblí níos fearr a áirithiú trí úsáid níos fearr a bhaint as cainéil na meán agus na meán sóisialta; á chur in iúl go bhfuil sí ag súil leis go ndéanfadh an Foras forbairtí ina leith sin a thuairisciú don údarás um urscaoileadh;

37. Ag tagairt, le haghaidh tuairimí eile de chineál trasearnálach a ghabhann lena chinneadh maidir le hurscaoileadh, do rún uaithi an 10 Bealtaine 2023 ([4]) ar fheidhmíocht, bainistíocht airgeadais agus rialú na ngníomhaireachtaí.

([4]) Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2023)0190.